

An Ford Anglia agus an Fhilíocht

Seán Ó Ríordáin agus Cathair Chorcaí.

DR STIOFÁN Ó CADHLA

‘Lá fada san oifig. Dfolta leis na Gallaibh. Namhaid is ea an saol. Namhaid gach aoinne. Ní mór dúinn ár n-aighe a cheilt agus cló eile seachas ár gcló féin a chaitheamh. Má bhuaileann tú liom san oifig ní liom a bhuaillfir ach leis an duine atáim ag taispeáin don saol’ [An Taisceadán, *Comhar*, 1963].

CUIREANN an sliocht seo seanchláir na mbleachtairí teleifíse i gcuimhne dom, an bleachtairé bocht ag fágaint na hoifige ófche cheoch, hata ar a cheann, toifín ar a bhéal agus é ag caint leis féin os ard. Cad atá aige á rá, ná raibh Ó Ríordáin sa mbaile i gCorcaigh? B’fhéidir go scríobhfeadh teifeach nó imirceach an lae inniu a leithéid ach Éireannach? Saol dúbalta a chaitheann sé, saol i ganfhios don saol. Nuair a ghoid sé amach i measc an phobail bhí lá oibre an Bhardais i leataiobh ach bhí ófche oibre in oifig an Bháird ag fuireach leis, obair an fhile Ghaeilge, obair faoi rún, faoi cheilt, faoi lagmheas. Bhí Éire ag athrú, bhí Sasana ag athrú, bhí *San Francisco* ag athrú, an raibh aon áit ann don bhfile Gaeilge?

Nuair a théann duine chun an cháin don chearr a foc ní bhíonn aon tsúil aige nó aici gur file, gan trácht ar fhile Gaeilge, an cléireach taobh istigh den fhuinneoigín. Rugadh Seán Ó Ríordáin, file mór na Gaeilge, sa bhliain 1916 i mBaile Mhúirne in iarthar Chorcaí. Fuair sé post i mBardas na Cathrach sa bhliain 1937 in oifig na mótarcháin ar Phlás Pharnail, bhí sé bliain is fiche d’aois. Oifig chiúin go maith a bhí inti ní foláir mar nfor chláraíodh ach 261 gluaisteán sa bhliain 1945. Ceithre bliana ina dhiaidh sin bhí suas le 15, 000, sa bhliain 1968 bhí 348,000. Breis agus trí céad punt a bhí ar *Ford Anglia* in 1949 agus trí céad go leith ar *Ford Prefect*. Nuair a fuair sé bás sa bhliain 1977 bhí níos mó ná céad míle cearr ar an mbóthar. Chaith Ó Ríordáin a shaol i mbun na bleachtairíochta ag iarraidh a áit féin agus áit na Gaeilge a mhíniú agus a shamhlú sa bhfilíocht agus sa bprós a scríobh sé don *Irish Times*. Cé gur chuaigh na colúin phróis i bhfeidhm ar a lán daoine ní raibh oiread cáil air lena linn agus a bhíonn ar Fintan O’Toole nó John Waters inniu. Tuairisceoirí ar chúrsaí reatha is ea iad siúd don chuid is mó, file agus fealsamh ab ea Ó Ríordáin.

Níor aithníodh i gceart riamh an núálaíocht aighe, an greann géirchúiseach ná an reibiliúnacht gan scáth a bhí ann. An raibh aon ollamh, aon iriseoir, aon scríbhneoir tosnaíthe ar chuimhneamh fiú amháin ar thír iarchaitliceach (*postCatholic*), iarthrotastúnach (*postProtestant*), iarchríostaí (*postChristian*), iarghaelach (*postGaelic*), iarghallda (*postEnglish*), iaranglosac-sach (*postAngloSaxon*), iarghé (*post-Gay Byrne!*), iarshofaisti-ciúil (*postsophisticated*). Níorbh aon súgradh ardnósach an macnamh aige faoi mar a bhíonn go minic i ré an Tíogair Cheiltigh. “Cá bhfuil Éire?” an teideal a bhí ar cheann des na hailt, ceist mhór a chuaigh go dtí croí Uí Ríordáin agus is mó freagra a thug sé uirthi. An bhfuil sí sa Ghaeltacht, i nDún Chaoin, i mBaile Mhúirne, i nDoire nó i gCúil Aodha? Ní leis na háiteanna seo amháin a shamhlaigh sé Éire, bhí sí ar Shráid na Blánnan chomh maith: ‘Creidim gurb í Sráid na Blánnan i gCorcaigh an áit in Éirinn is éireannaí dá bhfuil feicthe agam. Is cinnte go mba dheacair áit níos daonna a shamhlú.

B’fhéidir gurb shin é atá i gceist again le dúchas – díreach daonnacht’ [Daonnacht, *The Irish Times*, 29.07.72]. Shamhlóinn go gcuirfeadh a lán rudaí ins an saol combaim-seartha áthas ar an bhfile, stádas oifigiúil don Ghaeilge san Eoraip, Acht na dTeangacha nó TG 4. Ba bhreá leis aonteargachas an Bhéarla agus an t-iolrachas bréagach a ghabh leis a bheith á bhascadh. Ba ghráin leis iarracht sean-nósach Enda Kenny céim sfos a thabhairt don Ghaeilge in institiúidí oideachais na tíre, rud a chuirfeadh a aimsir féin i gcuimhne dó arís.

Chuirfeadh teacht na n-imirceach lena dteangacha agus lena gcultúir áthas air chomh maith. Is cinnte go dtuigfeadh sé gur fairsingiú ar an daonnacht nó ar an dúchas iad. Ná raibh taithí aige féin ar shaol an deoraf, nach é a thuigfeadh cás an imircigh a mbíonn air nó uirthi saol dúbalta a chaitheamh, ag iarraidh foirmeacha Béarla a lfonadh isteach, ag iarraidh plé le stát coimhthíoch, ag aistriú ó theanga strainséartha sa lá go teanga na muintire istíoch. Ag féachaint amach ar na treibheanna seo dó chífedh sé é féin, thuigfeadh sé gur teanga de theangacha an domhain a theanga phróbháideach féin, go ‘gcaitheann Corcaigh nó Baile Átha Cliath nó San Francisco nó Cúil Aodha nó Dún Chaoin tarlú arís is arís eile chun a bheith ann’ [Cá bhfuil Éire? *The Irish Times*, 24.10.70].

ENGLISH SUMMARY:

‘A long day at the office. Sold to the English. The world is an enemy. Everybody is an enemy. We must conceal our minds, we must wear a disguise, anything but our own true selves. If you meet me in the office, remember it is not me but the person I show to the world.’ It was written by a Cork poet in the Irish language? Was he not at home already, in his own place, amongst his own people. Born in 1916, in *Baile Mhúirne* Seán Ó Ríordáin was, and still is, Ireland’s foremost modern poet in the Irish language. The poet describes living a double life, hiding the Irish language, poetry, creativity, political and cultural identity in a largely Anglophone Ireland. The car tax office was on Parnell Place when Ó Ríordáin started working there in 1937. It may have been a quiet office as there were only 261 cars registered in 1945. A Ford Anglia would set you back £300 pounds at the time. By 1977, the year the poet died, there were more than 100,000 cars on the road.

During these years Ó Ríordáin maintained a weekly column in the *Irish Times* that amounts to an amusing and insightful commentary on cultural and political life in Ireland during a critical period. The prophetic power and shining originality of his writing overshadows most contemporary academic, journalistic or literary commentaries. Who else in the 1970s wrote that Ireland was postCatholic, postProtestant, postChristian, etc. One thing that would please this poet in the shadows of an anglicizing narrow minded state is the multicultural nature of Irish society today. Doubtless, he would welcome cultural and ethnic diversity, the meeting of different vernacular cultures. He himself felt the pain of the outsider in an alienating state, completing English language forms in the Irish language, translating from one language to the another.